

SONRAÍ POIST

Teideal: Cúntóir Riaracháin (Na hEalaíona don Óige)

Grád: Coibhéis le hOifigeach Cléireachais

Líne Thuairiscíochta: Oifigeach Forbartha Ealaíon don Óige

Fad an Chonartha: Dhá bhliain

Láthair: Oifig Údarás na Gaeltachta, na Forbacha, Co. na Gaillimhe

Tuarastal: €30,997 (ag brath ar ráta Oifigigh Chléireachais na Stáitseirbhíse)

An Cuspóir atá leis an Ról:

Gheobhaidh an té a cheapfar taithí ar fhorbairt na n-ealaíon don óige i gcomhthéacs Gaeltachta. Cuideoidh an Cúntóir Riaracháin (Na hEalaíona don Óige) le pleanáil, le riar agus le cur i bhfeidhm chlár Cuisle – an clár forbartha ealaíon don óige atá ag Ealaín na Gaeltachta.

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí:

- Tacaíocht lóistíochtúil agus riaracháin a chur ar fáil do chlár ealaíon agus do scéimeanna deontais don óige
- Cabhrú le clárú rannpháirtithe agus le taifid tinrimh a choinneáil
- Cabhrú leis an gcumarsáid le scoileanna, le háisitheoirí agus le teaghlaigh a bhíonn páirteach i gclár ealaíon don óige
- Cúnamh a thabhairt le próiseáil deontas, le sceidealú agus le comhfhreagras
- Cuidiú le bunachair sonraí, córais chomhdúcháin agus rianú doiciméad a uasdátú go himmheánach
- Cuidiú le bailiú aiseolais, le measúnú sonraí agus le tuairisciú chuig maoinitheoirí
- Freasal ar chruinnithe na foirne ealaíon óige agus cur le cúrsaí pleanála agus seachadta
- Tascanna ginearálta oifige a chur i gcrích

Sonraíocht an Duine:

- Scileanna láidre eagrúcháin, riaracháin agus cumarsáide
- Cumas oibriú mar chuid d'fhoireann agus glacadh le treoir
- Taithí ar ghnáth-bhogearraí oifige (Word, Excel, Outlook)
- Iontaofa, solúbtha agus féinspreagtha

- Suim i bhforbairt na hóige agus/nó i riarachán ealaíon
- Toilteanach taisteal taobh istigh de na réigiúin Ghaeltachta
- Tá líofacht sa Ghaeilge (idir labhairt agus scríobh) riachtanach